



An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14749/22

LIMITE

TELECOM 457
COMPET 897
MI 821
DATAPROTECT 312
JAI 1464
JUSTCIV 148
PI 155
CODEC 1742

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0047(COD)**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	14740/22
Uimh. an doic. ón gCoim.:	6596/22
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí) - Tuarascáil ar dhul chun cinn

I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialacháin i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí) an 23 Feabhra 2022¹. Tar éis an Ghnímh um Rialachas Sonraí, is é an dara ceann de shraith beart a mhol an Coimisiún, mar a fógraíodh sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí in 2020². Is píosa reachtaíochta cothrománach é, a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a chomhlánú go luath le forálacha eanáilsonracha.

¹ doc. 6596/22.

² [COM/2020/66 final](#).

2. Is iad príomhchuspóirí an togra ón gCoimisiún, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, cothroime a áirithiú i leithdháileadh luacha ó shonraí i measc gníomhaithe sa gheilleagar sonraí agus rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a chothú. Go sonrach, tá sé mar aidhm leis an togra le haghaidh Gníomh um Shonraí rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí a éascú trí dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le comhroinnt sonraí arna nginiúint trí úsáid táirgí (e.g. Idirlíon na Rudaí Nithiúla), rialacha a leagan síos chun cothroime a mhéid a bhaineann le conarthaí comhroinnte sonraí a áirithiú agus foráil a dhéanamh do chomhlachtaí na hearnála poiblí úsáid a bhaint as sonraí atá i seilbh gnólachtaí i gcásanna áirithe ina bhfuil gá eisceachtúil. Tá sé mar aidhm leis an togra freisin athrú soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a éascú, coimircí a chur i bhfeidhm i gcoinne rochtain rialtais neamhdhleathach agus aistriú sonraí neamhphearsanta ó lasmuigh den Aontas agus foráiltear d'fhorbairt caighdeán idir-inoibritheachta maidir le sonraí a athúsáid idir earnálacha.
3. I bParlaimint na hEorpa, ainmníodh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) mar an coiste atá freagrach as caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an nGníomh um Shonraí. D'fhoilsigh an Rapóirtéir, FPE Pilar Del Castillo Vera (PPE, an Spáinn) a Dréacht-Tuarascáil an 14 Meán Fómhair 2022. Tá baint ag an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), ag an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) agus ag an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE). Tá an vótáil chríochnaitheach i bParlaimint na hEorpa beartaithe do mhí an Mhárta 2023.
4. Iarradh ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³ agus ar Choiste Eorpach na Réigiún⁴, a dtuairimí maidir leis an togra a thabhairt. Rinneadh iad sin a sheachadadh an 15 Meitheamh 2022 agus an 22 Meitheamh 2022, faoi seach.
5. An 5 Bealtaine 2022, d'eisigh Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim chomhpháirteach maidir leis an togra⁵.

³ [CES0850/2022](#)

⁴ [CDR1959/2022](#)

⁵ Tuairim Chomhpháirteach EDPB-MECS [02/2022](#)

6. D'eisigh an Banc Ceannais Eorpach tuairim maidir leis an togra an 5 Meán Fómhair 2022, ar a thionscnamh féin⁶.
7. D'eisigh Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach tuairim maidir leis an togra an 20 Iúil 2022, ar a thionscnamh féin⁷.

II. AN OBAIR I dTIONÓL NA COMHAIRLE

8. Sa Chomhairle, rinneadh an scrúdú ar an togra sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise (dá ngairtear anseo feasta: Meitheal TELECOM). Thosaigh Meitheal TELECOM ag plé an togra i mí an Mhárta 2022, faoi Uachtaránacht na Fraince. Tar éis don Choimisiún cur i láthair mionsonraithe a dhéanamh ar an togra agus ar an measúnú tionchair a ghabhann leis, bhí malartú tuairimí luath ag na toscaireachtaí maidir le formhór na ngnéithe den togra. Thug Uachtaránacht na Fraince an chéad léamh ar thogra an Ghnímh um Shonraí chun críche i Meitheal TELECOM an 3 Bealtaine 2022.
9. Chomh maith leis an obair a rinneadh i Meitheal TELECOM, d'eagraigh Uachtaránacht na Fraince trí cheardlann le rannpháirtíocht an Choimisiúin agus saineolaithe ó na príomhchathracha. Chuir na ceardlanna deis ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sonracha agus ar iarrataí ar shoiléiriú, agus ag an am céanna, bhíothas in ann idirghníomhaíocht dhíreach a dhéanamh idir saineolaithe atá lonnaithe sna príomhchathracha agus an Coimisiún.

⁶ [IO C 402 19.10.2022, lch. 0005](#)

⁷ [BEREC High-Level Opinion on the European Commission's proposal for a Data Act](#)

10. An 25 Bealtaine 2022, d'iarr Uachtaránacht na Fraince ar na Ballstáit a moltaí tosaigh maidir le dréachtú agus a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir le téacs an togra a chur ar fáil faoin 15 Meitheamh 2022.
11. Bunaithe ar ionchur na mBallstát, dhréachtaigh Uachtaránacht na Seice an chéad téacs comhréitigh, a cuireadh i láthair i Meitheal TELECOM an 19 Iúil, an 5 agus an 15 Meán Fómhair 2022. Is é is aidhm do na hathruithe atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ardleibhéil seo a leanas atá fós i gcroílár an phlé sa Chomhairle:
- a) **Raon feidhme**: ar thaobh amháin, bunaíodh nasc níos soiléire idir na cineálacha éagsúla sonraí agus na caibidlí sonracha lena gcumhdaítear iad (raon feidhme ábhartha). Ar an taobh eile, feabhsaíodh deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an raon feidhme críochach, go háirithe an teorannú d'úsáideoirí san Aontas.
 - b) **Sainmhínte**: cuireadh isteach roinnt sainmhínte chun an téacs a ailíniú leis an nGníomh um Rialachas Sonraí ('sonraí pearsanta', 'sonraí neamhphearsanta', 'toiliú' agus 'ábhar sonraí') nó chun príomhchoincheapa amhail 'custaiméir', 'sócmhainní digiteacha', 'san áitreabh' agus 'oibreoirí laistigh de spásanna sonraí' a shoiléiriú. Rinneadh mionchoigeartú ar chinn eile, i gcás inar féidir, cé go gcaithfear cinneadh fós a dhéanamh i gcásanna áirithe an bhfuil údar le sainmhínte nua ar na téarmaí céanna nó an mbeadh sé ina rogha níos iomchuí filleadh ar shainmhínte atá ann cheana.
 - c) **Idirghníomhaíocht leis an reachtaíocht chothrománach agus earnálach atá ann cheana**: rinneadh leasuithe ar fud an téacs iomláin lena ndírítear ar aghaidh a thabhairt ar an ngaol atá ag togra le haghaidh Gníomh um Shonraí le reachtaíocht ábhartha eile, amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta agus an Gníomh um Rialachas Sonraí. Baineann na hathruithe sin, mar shampla, le ról na mbord éagsúil arna mbunú faoi na rialacháin éagsúla agus le hinniúlacht na gcomhlachtaí ainmnithe náisiúnta agus maoirseacht á déanamh acu ar chásanna a thagann faoi na córais éagsúla.

- d) **Comhroinnt sonraí B2G ar bhonn riachtanais eisceachtúil**: rinneadh forálacha agus raon feidhme Chaibidil V araon a shainiú ar bhealach níos fearr, chun a raon feidhme a theorannú agus chun foráil a dhéanamh maidir le tuiscint níos soiléire ar an gcoincheap ‘riachtanas eisceachtúil’ chomh maith leis na coincheapa ‘éigeandáil phoiblí’ agus ‘leas an phobail’. Mar aon le ráthaíochtaí breise maidir le, mar shampla, na sonraí a chuireann comhlachtaí earnála poiblí ar fáil do thríú páirtithe nó iarrataí a bhaineann le sonraí pearsanta, is é an aidhm a áirithiú go gcuirfear forálacha B2G i bhfeidhm go haonfhoirmeach.
- e) **Seirbhísí próiseála sonraí a athrú**: tugadh aghaidh ar roinnt leasuithe ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí, rud nár cheart cosc a chur ar chustaiméirí a gcuid sonraí uile a mhalartú agus a phortáil. Baineann oibleagáidí den sórt sin, mar shampla, le deireadh a chur le bacainní a chuireann bac ar chustaiméirí coibhéis fheidhmiúil a choinneáil nó ceart na gcustaiméirí ar ardleibhéal slándála le linn an phróisis portála.

12. Tar éis malartú fiúntach leis na toscaireachtaí agus ionchur breise ó bhéal agus i scríbhinn ó na Ballstáit á gcur san áireamh, dhréachtaigh Uachtaránacht na Seice an dara togra comhréitigh. Cuireadh tús leis an bplé a rinneadh i Meitheal TELECOM an 27 Deireadh Fómhair agus cumhdaíodh ann ar dtús léiriú breise ar raon feidhme an Rialacháin agus sainmhínithe nua, amhail ‘staidreamh oifigiúil’ agus ‘comhlachtaí de chuid an Aontais’.
13. Díriodh sa phlé ansin ar an gcoincheap ‘sonraí atá ar fáil go héasca’ a tugadh isteach le déanaí agus ar rúndacht rún trádála a chosaint. Tugadh aird ar leith ar an sásra maidir le ‘cúiteamh réasúnta’ a shoiléiriú don sealbhóir sonraí chun sonraí a chur ar fáil. Téarmaí conarthacha éagóracha, raon feidhme níos cúinge na bhforálacha a bhaineann le B2G, na coinníollacha le haghaidh cásanna nach bhfuil gá eisceachtúil le sonraí bunaithe nó nasctha le héigeandáil phoiblí agus inar cumhdaíodh freisin na hiarrataí ar shonraí chun críocha staidrimh. Bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí freisin maidir le dáta cur i bhfeidhm ar leith le haghaidh forálacha a bhaineann le hoibleagáidí dearaidh.

14. Leanadh den anailís ar an dara togra comhréitigh an 8 Samhain 2022. Bhí sé d’aidhm ag na leasuithe atá beartaithe an fhoráil maidir le haistriú éifeachtach a dhéanamh níos soiléire agus níos infheidhme, go háirithe tríd an bhféidearthacht an tréimhse fógra 30 lá chun an Conradh a fhoirceannadh ag an úsáideoir a shíneadh go 2 mhí agus trí raon feidhme na n-oibleagáidí maidir le malartú teicniúil a shainiú ar bhealach níos fearr. Bhí na toscaireachtaí in ann a dtuairimí a chur in iúl freisin maidir le cosaint nua i gcoinne an chaillteanais sonraí a d’fhéadfadh a bheith ann le linn an phróisis portála agus maidir le roinnt nithe eile a cuireadh isteach chun idir-inoibritheacht a éascú, amhail tagairt shonrach do chlár caighdeán ar líne agus do shonraíochtaí idir-inoibritheachta oscailte.
15. I measc na saincheistanna eile a chlúdaítear tá: an ról, na cúraimí agus na hidirghníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann idir údarais náisiúnta inniúla éagsúla, coincheap na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha agus roinnt coigeartuithe breise chun na forálacha a ailíniú le RGCS agus le DGA.
16. Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna teicniúla leanúnacha, d’eagraigh Uachtaránacht na Seice ceardlann ar líne an 15 Samhain 2022 ina raibh an Coimisiún agus saineolaithe ó na príomhchathracha rannpháirteach. Bhí sé i gceist leis an gceardlann aghaidh a thabhairt ar chásanna sonracha úsáide a bhaineann le sonraí neamhphearsanta a chomhroinnt faoi Chaibidlí II agus III den Gníomh um Shonraí. Thairis sin, tionóladh cruinniú Meitheal TELECOM an lá céanna san iarnóin chun plé a dhéanamh ar roinnt topaicí breise ina raibh gá le soiléiriú breise, go háirithe maidir leis an idirghníomhú idir an Gníomh um Shonraí agus reachtaíocht eile (RGCS, an Ionstraim nua Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair (SMEI), an Gníomh Cibear-athléimneachta). Le linn an chruinnithe, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go mbeadh gá fós le tuilleadh machnaimh maidir le gnéithe áirithe den togra, go háirithe chun soiléiriú a dhéanamh ar na táirgí atá faoi raon feidhme Chaibidil II.
17. Tar éis di an dara téacs comhréitigh a thabhairt isteach, leag Uachtaránacht na Seice sprioc-am síos le haghaidh rannchuidithe breise i scríbhinn faoin 18 Samhain 2022. Bunaithe ar ionchur na mBallstát agus an malartú ag Meitheal TELECOM á chur san áireamh, ullmhóidh Uachtaránacht na Seice an tríú téacs comhréitigh agus breithneoidh sí an féidir leis an téacs a bheith mar bhonn do shainordú Coreper.

III. CONCLÚID

Iarrtar ar COREPER an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an gcruinniú a bheidh aici an 6 Nollaig 2022.
